- (6) Trí bhíthin "Foraithne Rialtais Uimh. 485/2020. (XI. 10.)" ⁽³⁾, leasaigh an Ungáir agus chuir sí síneadh go dtí deireadh na staide éigeandála le roinnt beart a bhaineann le cáin dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (f), (g), (h) agus (j), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561. Is é atá beartaithe leis an iasacht a d'iarr an Ungáir ná chun caiteachas a chumhdach don tréimhse ó mhí na Nollag 2020 go dtí mí an Mheithimh 2021, agus don tréimhse sin amháin. Tá an coinníoll sainráite san fhoraithe go gcoinneoidh na tairbhíthe conarthaí fostaíochta a bhí i

⁽¹⁾ IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Ungáir chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19 (IO L 357, 27.10.2020, lch. 24).

⁽³⁾ Fógartha in Iris Oifigiúil na hUngáire an 10 Samhain 2020 (Uimh. 242), lch. 7671.

bhfeidhm tráth theacht i bhfeidhm na foraithe agus nach bhfoirceannfaidh siad na conarthaí den sórt sin trí bhíthin fógra ón bhfostóir ar feadh fad na mbeart faoi seach. Rinneadh raon feidhme na n-earnálacha is incháilithe do thacaíocht a mhodhnú trí Airteagal 1 de “Foraithe Rialtais Uimh. 571/2020. (XII. 9.)” ⁽⁴⁾, Airteagal 1 de “Foraithe Rialtais Uimh. 638/2020. (XII. 22)” ⁽⁵⁾, Airteagal 1 de “Foraithe Rialtais Uimh. 105/2021. (III. 3)” ⁽⁶⁾, Airteagal 1 de “Foraithe Rialtais Uimh. 147/2021. (III. 27)” ⁽⁷⁾ agus Airteagal 1 de “Foraithe Rialtais Uimh. 204/2021. (IV. 29)” ⁽⁸⁾. I gcás na n-earnálacha is mó a buaileadh leis an bpaindéim, thug an Ungáir isteach díolúine ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus ó thobhach oiliúna na bhfostóirí, don tréimhse ó Mhárta go Nollaig 2020 ar dtús, chomh maith le laghdú ar an gcáin ar ranníocaíocht athshlánúcháin na bhfostóirí, don tréimhse ó Mhárta go Meitheamh 2020 ar dtús. Thug an Ungáir isteach freisin díolúine maidir le costais phearsanra ó bhonn cánach na cánach ar fhiontair bheaga (“KIVA”), don tréimhse ó Mhárta go Meitheamh 2020 ar dtús. Maidir leis na bearta sin ar fad, níor iarradh ach an chuid sin de chaiteachas iomlán (nó den ioncam ligthe thar ceal) a bhaineann le cuideachtaí a laghdaíonn nó a chuireann ar fionraí am oibre nó am ina bhfuil na fostaithe i mbun fostaíochta go leanúnach suas go dtí na sonraí olltoraidh is déanaí atá ar fáil. Ós rud é gur ioncam ligthe thar ceal don Rialtas atá sna bearta sin, is féidir a mheas gurb ionann iad agus caiteachas poiblí.

- (7) Thairis sin, trí bhíthin “Foraithe Rialtais Uimh. 105/2021. (III. 3.)”, Airteagal 1 de “Foraithe Rialtais Uimh. 147/2021 (III. 27)” agus Airteagal 1 de “Foraithe Rialtais Uimh. 204/2021. (IV. 29)”, leasaigh na húdaráis an díolúine ón gcóras cánach cnapshuime gnó bige (“KATA”), dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (j), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561, a tugadh isteach ar dtús don tréimhse ó Mhárta go Meitheamh 2020 agus ar cuireadh síneadh leis don tréimhse ó Mhárta go hAibreán 2021. Níor iarradh ach an chuid sin de chaiteachas a bhaineann le tacaíocht do dhaoine féinfhostaithe agus do chuideachtaí aonbhaill. Is féidir a mheas go bhfuil an beart mar bheart maidir le scéimeanna oibre gearr-ama, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672, ós rud é go bhfuil sé d’aidhm aige an duine féinfhostaithe nó catagóirí comhchosúla oibríthe a chosaint ar laghdú nó ar chaillteanas ioncaim.
- (8) Trí bhíthin “Foraithe Rialtais Uimh. 310/2021. (VI. 7.) maidir le tacaíocht chúitimh do na daoine féinfhostaithe” ⁽⁹⁾, tá scéim nua tacaíochta ioncaim aonuaire tugtha isteach ag an Ungáir do na daoine féinfhostaithe in earnálacha atá thíos le bearta dianghlása ar choinníoll go leanfaidh siad lena ngníomhaíochtaí ar feadh 2 mhí ar a laghad tar éis dheireadh ionchasach na staide éigeandála. Is ionann an íocaíocht aonuaire agus an t-íosphá ráthaithe míosúil (HUF 219 000). Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse incháilitheachta ag deireadh na staide éigeandála. Is iad fiontrithe aonair nach bhfuil fostaithe acu agus nach bhfuil incháilithe do thacaíocht faoin scéim earnála pá spriocghrúpa na scéime. Is féidir an beart a mheas mar bheart atá cosúil le scéimeanna oibre gearr-ama, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672, ós rud é go bhfuil sé d’aidhm aige an duine féinfhostaithe nó catagóirí comhchosúla oibrí a chosaint ar laghdú nó ar chaillteanas ioncaim.
- (9) Comhlíonann an Ungáir na coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an Ungáir fianaise iomchuí ar fáil don Choimisiún gur tháinig méadú EUR 897 720 542 ar an gcaiteachas poiblí iarbhrí agus beartaithe amhail ón 1 Feabhra 2020 mar gheall ar na bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí sócheacnamaíocha ráig COVID-19. Is méadú tobann, géar é seo toisc go mbaineann sé le beart nua agus le síneadh a chur leis na bearta atá ann cheana a bhaineann go díreach le bearta atá cosúil le scéimeanna oibre gearr-ama lena gcumhdaítear cion suntasach de ghnóthais agus de lucht saothair na hUngáire, araon. Mhaoinigh an Ungáir EUR 113 740 000 de mhéid méadaithe an chaiteachais trí chistí ón Aontas. Mhaoinigh an Ungáir EUR 132 510 542 de mhéid méadaithe an chaiteachais phoiblí trína maoiniú féin.
- (10) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ungáir agus d’fhíoraigh sé an méadú tobann, géar ar an gcaiteachas poiblí iarbhrí agus beartaithe a bhaineann go díreach le bearta cosúil le scéimeanna oibre gearr-ama, dá dtagraítear in iarraidh an 1 Nollaig 2021, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.

⁽⁴⁾ Fógartha in Iris Oifigiúil na hUngáire an 9 Nollaig 2020 (Uimh. 273), lch. 9076.

⁽⁵⁾ Fógartha in Iris Oifigiúil na hUngáire an 22 Nollaig 2020 (Uimh. 287), lch. 10473.

⁽⁶⁾ Fógartha in Iris Oifigiúil na hUngáire an 5 Márta 2021 (Uimh. 37), lch. 1509.

⁽⁷⁾ Fógartha in Iris Oifigiúil na hUngáire an 27 Márta 2021 (Uimh. 52), lch. 2042.

⁽⁸⁾ Fógartha in Iris Oifigiúil na hUngáire an 29 Aibreán 2021 (Uimh. 73), lch. 2676.

⁽⁹⁾ Fógartha in Iris Oifigiúil na hUngáire an 7 Meitheamh 2021 (Uimh. 104), lch. 4469.

- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'fhonn cuidiú leis an Ungáir aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha an tsuaite eacnamaíoch ghéir a tharla de dheasca ráig COVID-19. Ba cheart don Choimisiún na cinntí maidir le haibíochtaí, méid agus scaoileadh tráthchodanna agus tráinsí a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta.
- (12) Ba cheart don Ungáir agus don Choimisiún an Cinneadh seo a chur san áireamh sa chomhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672.
- (13) Ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfaí a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh. Ní sháraíonn sé an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna Státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh.
- (14) Ba cheart don Ungáir an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn rialta faoi chur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe, chun a chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá an caiteachas sin curtha chun feidhme ag an Ungáir.
- (15) Rinneadh an cinneadh chun cúnamh airgeadais a chur ar fáil trí riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha na hUngáire a chur san áireamh, chomh maith leis na hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2020/672 a bheidh curtha isteach cheana nó a bheartaigh Ballstáit eile a chur isteach a mheas, agus prionsabail na córa chomhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Ungáir arb é EUR 651 470 000 ar a mhéid í. Cúig bliana déag an uastréimhse aibíochta ar an meán a bheidh ag an iasacht sin.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Scaoilfear an chéad tráthchuid faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe iasachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672. Scaoilfear aon tráthchodanna eile i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe iasachta sin nó, i gcás inarb iomchuí, beidh siad faoi réir theacht i bhfeidhm aguisín a ghabhann leis, nó theacht i bhfeidhm comhaontaithe iasachta leasaithe.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“Airteagal 3

Féadfaidh an Ungáir na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) tacaíocht shealadach chun cóiríocht i gceann scríbe turasóireachta a uasghrádú chun an lucht saothair atá ann cheana a choinneáil dá bhforáiltear le ‘Rún 2080/2020 ón Rialtas maidir le forbairt náisiúnta cóiríochta’, a choinneáil don chuid den chaiteachas a bhaineann le tacaíocht do na daoine féinfhostaithe agus do chuideachtaí aonbhaill;

(b) tacaíocht shealadach do chuideachtaí próiseála bia dá bhforáiltear le ‘Foraithne Uimh. 25/2020. (VI. 22.) ón Aire Talmhaíochta’, don chuid den chaiteachas a bhaineann le tacaíocht do na daoine féinfhostaithe agus do chuideachtaí aonbhaill;

- (c) tacaíocht shealadach do chuideachtaí gairneoireachta sna hearnálacha ina ndéantar fás barra neamh-ilbhliantúla agus iomadú plandaí dá bhforáiltear le 'Foraithne Uimh. 26/2020. (VI. 22.) ón Aire Talmhaíochta', don chuid sin den chaiteachas a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do na daoine féinfhostaithe agus do chuideachtaí aonbhaill;
- (d) tacaíocht shealadach do chuideachtaí feirmeoireachta éisc, dá bhforáiltear le 'Foraithne Uimh. 30/2020. (VI. 22.) ón Aire Talmhaíochta', don chuid sin den chaiteachas a bhaineann le tacaíocht do na daoine féinfhostaithe agus do chuideachtaí aonbhaill;
- (e) síneadh a chur, go dtí an 30 Meitheamh 2020, leis na sochair cúraim leanaí sin a chuaigh in éag le linn thréimhse an rabhaidh, dá bhforáiltear le 'Foraithne Rialtais Uimh. 59/2020. (III. 23.)' agus Airteagal 71 de 'Acht LVIII de 2020';
- (f) cáin ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí a chur ar fionraí in earnálacha áirithe, dá bhforáiltear le hAirteagal 4, pointe (a), de 'Foraithne Rialtais Uimh. 47/2020. (III. 18.)' (mar a leasaíodh), don chuid sin den chaiteachas a bhaineann le cuideachtaí a laghdaíonn nó a chuireann ar fionraí, am oibre nó am ina raibh na fostaithe i mbun fostaíochta go leanúnach, mar a leasaíodh agus mar a cuireadh síneadh leis;
- (g) díolúintí ó thobhach oiliúna na bhfostóirí in earnálacha áirithe, dá bhforáiltear le hAirteagal 4, pointe (a), de 'Foraithne Rialtais Uimh. 47/2020. (III. 18.)' (mar a leasaíodh), don chuid sin den chaiteachas a bhaineann le cuideachtaí a laghdaíonn nó a chuireann ar fionraí, am oibre nó am a bhí na fostaithe i mbun fostaíochta go leanúnach, mar a leasaíodh agus mar a cuireadh síneadh leis;
- (h) laghdú ar cháin ranníocaíochtaí athshlánúcháin fostóirí in earnálacha áirithe, dá bhforáiltear le hAirteagal 4, pointe (a), de 'Foraithne Rialtais Uimh. 47/2020. (III. 18.)' (mar a leasaíodh), don chuid sin den chaiteachas a bhaineann le cuideachtaí a laghdaíonn nó a chuireann ar fionraí, am oibre nó am a bhí na fostaithe i mbun fostaíochta go leanúnach, mar a leasaíodh agus mar a cuireadh síneadh leis;
- (i) díolúine cánach do cháiniocóirí beaga ón gcóras cánach cnapshuime do ghnólachtaí beaga ('KATA') in earnálacha áirithe, dá bhforáiltear le hAirteagal 5 de 'Foraithne Rialtais Uimh. 47/2020. (III. 18.)' (mar a leasaíodh), an chuid sin den chaiteachas a bhaineann le tacaíocht do dhaoine féinfhostaithe agus do chuideachtaí aonbhaill, agus an chuid sin amháin, mar a leasaíodh agus mar a cuireadh síneadh leis;
- (j) costais phearsanra a eisiamh ó bhonn cánach na cánach ar fhiontair bheaga ('KIVA') in earnálacha áirithe, dá bhforáiltear le 'Foraithne Rialtais Uimh. 47/2020. (III. 18.)' (mar a leasaíodh), don chuid sin den chaiteachas a bhaineann le cuideachtaí a laghdaíonn nó a chuireann ar fionraí, am oibre nó am a bhí na fostaithe i mbun fostaíochta go leanúnach, mar a leasaíodh agus mar a cuireadh síneadh leis;
- (k) sochar cnapshuime d'oibrithé cúraim sláinte chun an obair bhreise a rinne siad le linn na paindéime a aithint, dá bhforáiltear le 'Foraithne Rialtais Uimh. 275/2020. (VI. 12.)';
- (l) costais a bhaineann le bearta speisialta chun an phaindéim a rialú a tugadh isteach i gcuideachtaí atá faoi úinéireacht Stáit;
- (m) costais a bhaineann le bearta speisialta chun an phaindéim a rialú agus chun sláinte oifigeach poiblí a chosaint, faoi mar a fhoráiltear le 'Foraithne Rialtais Uimh. 250/2014. (X. 2.) maidir leis an Ard-Stiúrthóireacht um Sholáthar Poiblí (KEF)';
- (n) costais a bhaineann le bonneagar agus infheistíochtaí in ospidéal le haghaidh cosaint ardleibhéil d'oibrithé cúraim sláinte agus d'othair, dá bhforáiltear le 'Rún 1012/2020. (I. 31.) ón Rialtas maidir leis an bhFoireann Oibriúcháin a Bhunú';
- (o) costais dhíreacha uirlisí agus trealamh cosanta pearsanta in ospidéal agus in institiúidí cúraim sláinte eile le haghaidh cosaint ardleibhéil d'oibrithé cúraim sláinte, dá bhforáiltear le 'Rún 1012/2020. (I. 31.) ón Rialtas maidir leis an bhFoireann Oibriúcháin a Bhunú';
- (p) scéim tacaíochta ioncaim aonuaire do na daoine féinfhostaithe in earnálacha a ndéanann bearta cosanta difear dóibh ar choinníoll go gcoimeádfaidh siad a gcuid gníomhaíochtaí ar bun ar feadh 2 mhí ar a laghad tar éis dheireadh ionchasach na staidéir éigeandála, dá bhforáiltear le 'Foraithne Rialtais Uimh. 310/2021. (VI. 7.)';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

1. Cuirfidh an Ungáir an Coimisiún ar an eolas faoin 28 Aibreán 2021, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, faoi chur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe go dtí go mbeidh an caiteachas poiblí beartaithe sin curtha chun feidhme ina iomláine.
2. I gcás ina mbeidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 bunaithe ar chaiteachas poiblí beartaithe agus ina raibh siad faoi réir cinneadh cur chun feidhme lena leasaítear an Cinneadh seo, cuirfidh an Ungáir an Coimisiún ar an eolas laistigh de 6 mhí ón dáta a nglacfar an cinneadh cur chun feidhme leasaitheach sin, agus gach 6 mhí i ndiaidh sin maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe, go dtí go mbeidh an caiteachas poiblí beartaithe sin curtha chun feidhme ina iomláine.”.

Airteagal 2

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a dtabharfar fógra ina leith don seolaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. BEAUNE

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/99 ÓN gCOMHAIRLE
an 25 Eanáir 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraimhe Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhreis ar iarraidh ón bPortaingéil an 11 Lúnasa 2020, dheonaigh an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ⁽²⁾, cúnaimh airgeadais don Phortaingéil i bhfoirm iasachta ar luach uasmhéid EUR 5 934 462 488 í le meánaibíocht uasta 15 bliana, d'fhonn iarrachtaí náisiúnta na Portaingéile a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarbhairtí socheacnamaíochta na ráige d'oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe.
- (2) Bheartaigh an Phortaingéil an iasacht a úsáid chun scéimeanna oibre gearr-ama, bearta comhchosúla agus bearta a bhaineann leis an tsláinte a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.
- (3) Chuir ráig COVID-19 srian ar chuid shuntasach de lucht saothair na Portaingéile. Mar thoradh air sin, tháinig mórmhéadú tobann arís is arís eile ar an gcaiteachas poiblí sa Phortaingéil i leith na mbearta nua a thug an Phortaingéil isteach, eadhon an scéim tacaíochta urghnách d'oibríthe féinfhostaithe, d'oibríthe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar a n-ioncam, an scéim tacaíochta sóisialta d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile, agus fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann leis an bpaindéim.
- (4) Maidir le ráig COVID-19 agus na bearta urghnácha a chuir an Phortaingéil chun feidhme in 2020 agus 2021 chun an ráig sin agus a tionchar socheacnamaíoch agus a bhaineann le sláinte a shrianadh, bhí tionchar ollmhór acu ar an airgeadas poiblí agus tá go fóill. Faoi dheireadh 2020, bhí easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais ghinearálta ag an bPortaingéil de 5,8 % agus de 135,2 % den olltáirgeacht tíre (OTI), faoi seach. De réir réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún do 2021, tuartar go dtiocfaidh laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais ghinearálta na Portaingéile go 4,5 % agus go 128,1 % den OTI, faoi seach, in 2021, agus tuartar go dtiocfaidh méadú 4,5 % ar a OTI in 2021.
- (5) An 9 Nollaig 2021, d'iarr an Phortaingéil ar an Aontas cur le liosta na mbearta ar deonaíodh cúnaimh airgeadais ina leith cheana féin trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 chun leanúint tuilleadh dá hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú arna ndéanamh in 2020 agus 2021 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarbhairtí socheacnamaíochta na ráige d'oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe, go háirithe, na bearta dá dtagraítear in aithrisí (6) agus (7).
- (6) Le "Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig" agus "Reacht Uimh. 19-A/2021 ón Rialtas an 25 Eanáir" ina dhiaidh sin, dá dtagraítear san iarraidh ón bPortaingéil an 9 Nollaig 2021, tugtar isteach scéim tacaíochta urghnách d'oibríthe féinfhostaithe, d'oibríthe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar a n-ioncam. I gcás na n-oibríthe féinfhostaithe, soláthraítear leis an mbearta sochar atá cothrom le dhá thrian de laghdú ioncaim míosúil na n-oibríthe, idir an meán míosúil de réir an

⁽¹⁾ IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 49).

ráitis ioncain ráithiúil is déanaí agus an mheáin mhíosúil de 2019, le huasteorainn de EUR 501,16. Is éard is oibríthe féinfhostaithe incháilithe ann ná daoine a bhfuil laghdú ioncain acu de 40 % ar a laghad sa tréimhse ó mhí an Mhárta go mí na Nollag 2020, i gcomparáid le 2019. I gcás na n-oibríthe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, foráiltear an méid seo a leanas leis an mbeart: (i) d'fhostaithe, sochar atá cothrom leis an difríocht idir an luach tagartha míosúil de EUR 501,16 agus an meánphá míosúil in aghaidh an duine fhásta sa teaghlach lena mbaineann; nó, (ii) d'oibríthe féinfhostaithe, sochar atá cothrom le dhá thrian de laghdú ioncain míosúil na n-oibríthe, idir an meán míosúil de réir an ráitis ioncain ráithiúil is déanaí agus an mheáin mhíosúil de 2019, le huasteorainn de EUR 501,16. I gcás bainisteoirí, foráiltear leis an mbeart sochar atá cothrom lena meánphá míosúil tagartha, má tá sé níos lú ná 1,5 oiread innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile (EUR 438,81 in 2021), nó le dhá thrian dá meánphá míosúil tagartha, má tá sé cothrom leis an innéacs sin nó níos mó ná sin. Is éard is bainisteoirí incháilithe ann ná daoine a bhfuil a ngníomhaíocht ghnó ar fionraí go sealadach mar gheall ar Phaindeim COVID-19, nó na daoine a raibh cailteanais ioncain acu de 40 % ar a laghad sna 30 lá roimh an iarraidh ar thacaíocht, i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin, nó leis an meán míosúil den dá mhí roimh an tréimhse sin. I ngach cás, tá íosteorainn ag an sochar atá cothrom le EUR 50 nó 50 % de laghdú ioncain míosúil a thugtar faoi deara má tá an laghdú sin idir 50 % agus 100 % d'innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile, nó go EUR 219,40 má tá an laghdú ioncain níos mó ná an t-innéacs sin.

- (7) Leis an "Iarscríbhinn a ghabhann le Rún ó Chomhairle na nAirí Uimh. 41/2020 an 6 Meitheamh" agus "Reacht Uimh. 180/2020 ón Rialtas an 3 Lúnasa" agus "Reacht Uimh. 37-A/2021 ón Rialtas an 15 Feabhra" ina dhiaidh sin, dá dtagraítear san iarraidh ón bPortaingéil an 9 Nollaig 2021, tugtar scéim tacaíochta sóisialta isteach d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile. Déantar foráil leis an scéim do shochar atá cothrom le hinnéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile (EUR 438,81).
- (8) Tá sraith beart sláinte nua tugtha isteach ag an bPortaingéil freisin, bearta a chuir sí chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar ráig COVID-19, go háirithe na bearta dá dtagraítear in Aithris (9).
- (9) Le "Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta" agus "Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2021 an 2 Feabhra" ina dhiaidh sin, dá dtagraítear san iarraidh ón bPortaingéil an 9 Nollaig 2021, déantar foráil do fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann leis an bpaindéim. Go háirithe, rinneadh an nós imeachta riaracháin atá mar bhonn le fruilíú oibríthe ar chonarthaí ar théarma seasta ag an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, rinneadh an nós imeachta sin a chuíchóiriú, agus fostaíodh dochtúirí agus altraí breise ó thús phaindeim COVID-19. Thairis sin, cuireadh na teorainneacha dlíthiúla maidir le ragobair a bhí á déanamh ag státseirbhísigh ar fionraí sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte agus bhíodhas in ann sealanna a eagrú trí obair bhreise ó shaindochtúirí agus ó shainaltraí, más gá, chun déileáil le paindeim COVID-19.
- (10) Comhlíonann an Phortaingéil na coinníollacha maidir le cúnaimh airgeadais a iarraidh, coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an Phortaingéil fianaise chuí ar fáil don Choimisiún a léiríonn go bhfuil méadú de EUR 5 934 462 488 tagtha ar chaiteachas poiblí iarbhir agus ar chaiteachas poiblí pleanáilte amhail ón 1 Feabhra 2020 mar gheall ar na bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíochta ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é seo mar go mbaineann sé freisin le bearta nua a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla lena gcumhdaítear cuid shuntasach de ghnóthais agus de lucht saothair na Portaingéile.
- (11) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an bPortaingéil agus d'fhíoraigh sé an mórmhéadú tobann ar chaiteachas poiblí iarbhir agus ar chaiteachas poiblí beartaithe a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla, chomh maith le bearta sláinte a bhaineann le ráig COVID-19, dá dtagraítear in iarraidh an 9 Nollaig 2021, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.
- (12) Is é EUR 1 513 823 304 an méid atá sna bearta a bhaineann leis an tsláinte a d'iarr an Phortaingéil, lena n-áirítear na bearta sláinte breise dá dtagraítear in aithris (9).
- (13) Ba cheart na bearta nua arna gcur chun feidhme ag an bPortaingéil a chumhdach le cúnaimh airgeadais arna dheonú trí bhithín Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 cheana féin, bearta dá dtagraítear in aithrisí (6), (7) agus (9).

- (14) Ba cheart nár dhochar an Cinneadh seo do thoradh aon nósanna imeachta a d'fhéadfaí a chur ar bun a bhaineann le saobhadh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe de bhun Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sáraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna Státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh.
- (15) Ba cheart don Phortaingéil an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn rialta faoi cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe, chun a chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Phortaingéil an caiteachas sin chun feidhme.
- (16) Rinneadh an cinneadh chun cúnaimh airgeadais a sholáthar agus riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha na Portaingéile á gcur san áireamh, chomh maith le hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2020/672 a cuireadh isteach cheana nó atá beartaithe le cur isteach ag Ballstáit eile a mheas, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“Airteagal 3

Féadfaidh an Phortaingéil na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

- (a) an tacaíocht chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagail 298 go 308 de ‘Dlí Uimh. 7/2009 an 12 Feabhra’;
- (b) an tacaíocht speisialta nua agus simplithe chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in ‘Dlí Foraithe Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta’ agus Airteagal 2 de ‘Dlí Foraithe Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh’, arna leasú le hAirteagal 142 de ‘Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig’;
- (c) na gairmchláir speisialta chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) agus 7 go 9 de ‘Dlí Foraithe Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta’;
- (d) an tacaíocht speisialta nua do ghnólachtaí chun gníomhaíocht ghnó a atosú, dá bhforáiltear in Airteagail 4(1) go (7) agus (10) go (12) agus Airteagal 5 de ‘Dlí Foraithe Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh’, agus in Airteagal 14-A de ‘Dlí Foraithe Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil’, mar a cuireadh leis le hAirteagal 4 de ‘Dlí Foraithe Uimh. 6-C/2021 an 15 Eanáir’, agus mar a shonraítear i ‘Reacht Uimh. 102-A/2021 ón Rialtas an 14 Bealtaine’;
- (e) an forlónadh cobhsaithe ioncaim nua d’fhostaithe a chumhdaítear leis na scéimeanna tacaíochta dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre dá bhforáiltear in Airteagal 3 de ‘Dlí Foraithe Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh’, arna leasú le ‘Dlí Foraithe Uimh. 58-A/2020 an 14 Lúnasa’;
- (f) an tacaíocht speisialta nua agus forásach chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in ‘Dlí Foraithe Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil’ arna leasú le hAirteagal 142 de ‘Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig’;
- (g) an tacaíocht speisialta nua d’oibríthe féinfhostaithe, d’oibríthe neamhfhoirmiúla agus do chomhpháirtithe bainistíochta dá bhforáiltear in Airteagail 26 go 28-A de ‘Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta’, arna leasú le hAirteagal 5 de ‘Dlí Foraithe Uimh. 20-C/2020 an 7 Bealtaine’, agus Airteagal 325-G de ‘Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta’, mar a cuireadh leis le hAirteagal 3 de ‘Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil’;

- (h) an liúntas teaghlaigh d'oibrithe nach féidir leo a bheith ag obair de bharr gur gá cúnaimh a thabhairt dá bpáistí atá faoi 12 bhliain d'aois nó do chleithiúnaithe eile, dá bhforáiltear le hAirteagal 23 de 'Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';
- (i) an tacaíocht speisialta chun conarthaí fostaíochta oiliúnóirí a choinneáil i bhfianaise na gairmoiliúna a cuireadh ar ceal dá bhforáiltear in 'Ordú Rialtais Uimh. 3485-C/2020 an 17 Márta', 'Ordú Rialtais Uimh. 4395/2020 an 10 Aibreán' agus 'Ordú Rialtais Uimh. 5897-B/2020 an 28 Bealtaine';
- (j) na bearta réigiúnacha a bhaineann le fostaíocht i réigiún féinrialaitheach na nAsóir dá bhforáiltear in 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsóir Uimh. 97/2020 an 8 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsóir Uimh. 120/2020 an 28 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsóir Uimh. 128/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsóir Uimh. 129/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsóir Uimh. 195/2020 an 15 Iúil', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsóir Uimh. 196/2020 an 15 Iúil' agus 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsóir Uimh. 200/2020 an 17 Iúil';
- (k) na bearta réigiúnacha a bhaineann le fostaíocht i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara, dá bhforáiltear in 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach Mhaidéara Uimh. 101/2020 an 13 Márta' agus 'Reacht Uimh. 133-B/2020 ó Leas-Uachtaránacht Rialtas Réigiúnach Mhaidéara agus ón Rúnaíocht Réigiúnach um Chuimsiú Sóisialta agus Saoránacht an 22 Aibreán';
- (l) an liúntas d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe atá i leithlisiú próifíolacsach dá bhforáiltear in Airteagal 19 de 'Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta' agus Airteagal 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', faoi mar a cuirtear leis trí Airteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil';
- (m) an liúntas breoiteachta de bharr tolgadh COVID-19 dá bhforáiltear in 'Ordú Rialtais Uimh. 2875-A/2020 an 3 Márta', Airteagal 20 de 'Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', agus Airteagal Uimh. 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', faoi mar a cuirtear leis trí Airteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil';
- (n) trealamh cosanta pearsanta a cheannach a úsáidfeadh san ionad oibre, go háirithe in ospidéal phoiblí dá bhforáiltear in 'Norm Uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine', arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus in 'Norm Uimh. 013/2020 an 10 Iúil', arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile, chomh maith le sna aireachtaí líne, i mbardais agus i réigiúin fhéinrialaitheacha na nAsóir agus Maidéara dá bhforáiltear in Airteagal 3 de 'Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';
- (o) an feachtas um shláinteachas scoile dá bhforáiltear in Airteagal 9 de 'Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';
- (p) tástáil i leith tolgadh COVID-19 a dhéanamh ar othair cónaitheacha agus ar oibrithe in ospidéal phoiblí, chomh maith le ar fhostaithe i dtithe altranais agus in áiseanna cúram leanaí, dá bhforáiltear go háirithe in Norm Uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine, arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus in Norm Uimh. 013/2020 an 10 Iúil, arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile;
- (q) an cúiteamh speisialta nua d'oibrithe sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte a bhfuil baint acu sa troid in aghaidh ráig COVID-19 dá bhforáiltear in Airteagal 42-A de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', faoi mar a cuirtear leis trí Airteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', agus in Airteagal 291 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig';
- (r) an scéim tacaíochta urghnách d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar a n-ioncam, dá bhforáiltear in Airteagal 156 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig' agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointí (2) (c) go (f) sa dlí, mar a shonraítear tuilleadh in 'Reacht Uimh. 19-A/2021 ón Rialtas an 25 Eanáir';

- (s) an scéim tacaíochta sóisialta d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile dá bhforáiltear i bpointe 2.5.1 den 'Iarscríbhinn a ghabhann le Rún ó Chomhairle na nAirí Uimh. 41/2020 an 6 Meitheamh', mar a shonraítear tuilleadh in Airteagail 10 go 12 de 'Reacht Uimh. 180/2020 ón Rialtas an 3 Lúnasa' agus mar a chuirtear síneadh leis le hAirteagail 5 go 7 den Iarscríbhinn a ghabhann le 'Reacht Uimh. 37-A/2021 ón Rialtas an 15 Feabhra';
- (t) fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann leis an bpaindéim, dá bhforáiltear in Airteagal 6 de 'Dlí Foraithe Uimh. 10-A/2020' an 13 Márta agus in Airteagal 4 go 8 de 'Dlí Foraithe' Uimh. 10-A/2021 an 2 Feabhra.';
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"Airteagal 4

1. Cuirfidh an Phortaingéil an Coimisiún ar an eolas faoin 30 Márta 2021, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe go dtí go gcuirfear an caiteachas sin chun feidhme ina iomláine.
2. I gcás ina mbeidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 bunaithe ar chaiteachas poiblí beartaithe agus ina raibh siad faoi réir chinneadh cur chun feidhme lena leasaítear an Cinneadh seo, cuirfidh an Phortaingéil an Coimisiún ar an eolas laistigh de 6 mhí ón dáta a nglacfar an cinneadh cur chun feidhme sin, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe, go dtí go gcuirfear an caiteachas sin chun feidhme ina iomláine."

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a dtabharfar an fógra faoi don seolaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. BEAUNE

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/100 ÓN gCOIMISIÚN
an 24 Eanáir 2022

maidir le dréacht-Fhoraithe ó Ríocht na hÍsiltíre i dtaca le deochanna do lapadáin agus bainne do lapadáin a dtugtar fógra fúthu i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith C(2022)312)

(Is ag an téacs san Ollainnis a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis faoin mbia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir ón gCoimisiún 87/250/CCE, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún ⁽¹⁾ agus go háirithe Airteagal 45(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 45(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, thug údarás na hÍsiltíre fógra don Choimisiún an 28 Iúil 2020 maidir le dréacht-Fhoraithe ina bhfuil rialacha maidir le bianna atá bunaithe ar phróitéin (ó bhainne bó nó ó bhainne gabhair), ar cuireadh ar a laghad vitimín, mianra, nó substaint eile amháin nó níos mó leis, agus atá ceaptha lena n-úsáid mar dheoch do leanaí óga idir bliain amháin agus 3 bliana d'aois (Foraithe maidir le deochanna do lapadáin agus bainne do lapadáin i gcomhthéacs an Ghnímh um Thráchtarraí) (“an dréachtbheart ar tugadh fógra faoi”).
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 bunaítear na prionsabail, na ceanglais agus na freagrachtaí ginearálta lena rialaítear faisnéis faoin mbia, agus lipéadú bia go háirithe. I ndáil leis an méid sin, liostaítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 na sonraí atá le soláthar ar bhianna, i gcomhréir le hAirteagal 10 go 35 agus faoi réir na n-eisceachtaí atá iontu.
- (3) Foráiltear le hAirteagal 39(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 go bhféadfaidh na Ballstáit, i dteannta na sonraí sainordaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus 10, bearta a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 45, lena gceanglaítear sonraí sainordaitheacha breise le haghaidh cineálacha nó catagóirí sonracha bia, a bhfuil bonn cirt leo chun an tsláinte phoiblí a chosaint, nó tomhaltóirí a chosaint, nó chun cosc a chur le calaois nó cearta maoine tionsclaíche agus tráchtála, tásca tionscnaimh, ainmniúcháin chláráithe tionscnaimh a chosaint, nó an iomaíocht éagórach a chosc.
- (4) Leagtar amach sa dréacht ar tugadh fógra faoi, i measc nithe eile, sonraí éigeantacha breise le haghaidh catagóirí sonracha bia i bhfoirm dearbhuithe nach mór a sholáthar do thomhaltóirí nuair a chuirtear “deochanna do lapadáin” agus “bainne do lapadáin” ar an margadh san Ísiltír. Dá bhrí sin, is gá don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar a chomhoiriúnacht le ceanglais thuasluaite an Rialacháin sin agus le forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 304, 22.11.2011, lch. 18.

- (5) Sa dréacht ar tugadh fógra faoi, leagtar síos ceanglais shonracha chomhdhéanaimh, daingniúcháin, lipéadúcháin agus mhargaíochta le haghaidh bianna atá bunaithe ar phróitéin ó bhainne bó nó ó bhainne gabhair, atá ceaptha lena n-úsáid mar dheoch do leanaí óga idir bliain amháin agus 3 bliana d'aois. Go háirithe, i roinn 2 den dréacht ar tugadh fógra faoi, leagtar síos ceanglais maidir le comhdhéanamh “na ndeochanna do lapadáin” agus “an bhainne do lapadáin” agus maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí eile a chur leis na deochanna agus leis an mbainne sin. I Roinn 3 den bheart ar tugadh fógra faoi, leagtar síos ceanglais áirithe maidir le hainmniúcháin, dearbhuithe agus faisnéis a chur i láthair na dtomhaltóirí.
- (6) Le hAirteagal 7 den dréacht ar tugadh fógra faoi, ceanglaítear na dearbhuithe seo a leanas a úsáid chun “deochanna do lapadáin” agus “bainne do lapadáin” a mhargú: “a. an chatagóir aoise, idir bliain amháin agus 3 bliana d'aois, dá bhfuil sé beartaithe; b. dearbhú nach gcuirtear an táirge in ionad aiste chothrom bhia; c. dearbhú á rá nach gcuirtear an táirge in ionad forlíontaí vitimín D; agus d. dearbhú nach gcuirtear an táirge in ionad bainne cíche”.
- (7) Míníonn údarás na hÍsiltíre go bhfuil bonn cirt leis na sonraí sainordaitheacha sin atá sa dréacht ar tugadh fógra faoi chun an tsláinte phoiblí agus na tomhaltóirí a chosaint.
- (8) Níor chuir údarás na hÍsiltíre aon fhianaise isteach chun bonn cirt a chur faoin mbeart chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Os a choinne sin, sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an dréacht ar tugadh fógra faoi, míníonn údarás na hÍsiltíre nach gá “deochanna do lapadáin” agus “bainne do lapadáin” chun riachtanais chothaitheacha leanaí óga a shásamh.
- (9) Foráiltear le hAirteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 nach mbeidh faisnéis faoin mbia míthreorach, go háirithe maidir le saintréithe an bhia agus, go háirithe, maidir leis an gcineál, leis an gcéannacht, leis na hairíonna, leis an gcomhdhéanamh, leis an gcainníocht, leis an tseilfré, leis an tír thionscnaimh nó leis an mbunáitíocht, leis an modh monaraíochta nó táirgthe.
- (10) Deochanna bainnebhunaithe atá ceaptha lena n-ól ag leanaí óga, thagaidís faoi raon feidhme Threoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí bia atá ceaptha le haghaidh úsáidí cothúcháin áirithe ^(?) ach rinneadh na deochanna sin a aisghairm le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(?) ón 19 Iúil 2016.
- (11) I bhfianaise na haisghairme sin, is le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 a cheanglaítear ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh i dtuarascáil an bhfuil gá le forálacha sonracha maidir le deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla atá ceaptha le haghaidh leanaí óga idir bliain amháin agus 3 bliana d'aois. Ghlac an Coimisiún Tuarascáil maidir leis na táirgí sin an 31 Márta 2016 ^(*) (“Tuarascáil 2016”).
- (12) Baineadh de thátal as Tuarascáil 2016 nach bhfuil aon ghá le forálacha sonracha le haghaidh na catagóire bianna sin mar gur féidir comhdhéanamh deochanna bainnebhunaithe do leanaí óga agus cumarsáid maidir le saintréithe na dtáirgí sin a rialú go leordhóthanach le cur i bhfeidhm ceart agus iomlán chreat ginearálta dhlí bia an Aontais.
- (13) Bhí na conclúidí sin bunaithe ar chomhairle eolaíoch ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”). Sa Tuairim ón Údarás in 2013 ^(?), thug sé dá aire nach bhfuil “aon ról uathúil” ag na táirgí sin agus “nach féidir a mheas go bhfuil gá leo chun riachtanais chothaitheacha leanaí óga a shásamh” má chuirtear i gcomparáid iad le bianna eile a d'fhéadfaí a áireamh mar chuid dá ngnáth-aiste bia.

^(?) Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le hearraí bia atá ceaptha le haghaidh úsáidí cothúcháin áirithe (IO L 124, 20.5.2009, lch. 21).

^(?) Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

^(*) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le foirmlí le haghaidh leanaí óga (COM/2016/0169 final).

^(?) Painéal EFSA maidir le Táirgí Diatéiteacha, Cothú agus Ailléirgí, 2013, ‘Scientific Opinion on nutrient requirements and dietary intakes of infants and young children in the European Union’, [Tuairim Eolaíoch maidir le ceanglais chothaitheach agus iontógálacha cothúcháin naíonán agus leanaí óga san Aontas Eorpach], *Iris EFSA* 2013;11(10):3408.

- (14) Dá thoradh sin, níor chuir an Coimisiún togra reachtach le Tuarascáil 2016 chun na rialacha maidir le deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla atá ceaptha le haghaidh leanaí óga a leagan síos. Dá bhrí sin, ón 20 Iúil 2016, meastar gur gnáthbhianna iad deochanna bainnebhunaithe atá ceaptha le haghaidh leanaí óga, bianna atá treisithe le cothaithe áirithe agus atá dírithe ar fhoghrúpa sonracha den daonra agus is le rialacha cothrománacha dhlí bia an Aontais amháin a chumhdaítear iad.
- (15) Ar bhonn na mbarúlacha thuas, imíonn an dréachtbheart ar tugadh fógra faoi ó na rialacha is infheidhme maidir le gnáthbhianna, agus ina ionad sin tugtar isteach creat dlíthiúil nua le haghaidh deochanna do lapadán agus bainne do lapadán san Ísiltír. Sa chiall sin, cruthaítear catagóir nua táirgí *de facto* leis atá ceaptha le haghaidh lapadán, ar táirgí iad atá faoi réir ceanglais shonracha chomhdhéanaimh, daingniúcháin, lipéadúcháin agus mhargaíochta. Níl sé sin i gcomhréir le creat dlíthiúil reatha an Aontais Eorpaigh.
- (16) Go háirithe, tagann deochanna do lapadán agus bainne do lapadán faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna ⁽⁶⁾ agus ní mór dóibh rialacha an Rialacháin sin a chomhlíonadh maidir leis na coinníollacha chun vitimíní agus mianraí a chur isteach agus maidir le lipéadú, cur i láthair agus fógraíocht. Ní mór do dheochanna bainnebhunaithe atá ceaptha le haghaidh leanaí óga faisnéis faoin mbia a chur ar fáil, lena n-áirítear an dearbhú cothúcháin, i gcomhréir le rialacha Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus ní féidir ach maímh shonracha maidir le cothú agus sláinte a chur orthu a údaráítear ar leibhéal an Aontais de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna ⁽⁷⁾.
- (17) Níl feidhm ag forálacha Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ná ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ⁽⁸⁾ ón gCoimisiún maidir le deochanna do lapadán ná bainne do lapadán.
- (18) Leis na ceanglais shainordaitheacha lipéadúcháin maidir le deochanna do lapadán agus bainne do lapadán, mar a mholtar in Airteagal 7 den dréacht ar tugadh fógra ina leith, i dteannta na gceanglas sainordaitheach lipéadúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, neartaítear an tuiscint atá ag tomhaltóirí gur catagóir ar leith táirgí iad deochanna do lapadán agus bainne do lapadán agus gur catagóir ar leith táirgí iad, rud atá comhchosúil le bainne foirmlé do naíonáin agus bainne foirmlé leantach, ar bianna iad atá an-oiriúnach do lapadán atá idir bliain amháin agus trí bliana d'aois i gcomparáid le bianna eile a d'fhéadfaí a áireamh mar chuid dá ngnáth-aiste bia.
- (19) I gcomhréir le forálacha Airteagal 45(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe an 5 Deireadh Fómhair 2020.
- (20) I bhfianaise an méid thuas, measann an Coimisiún go bhfuil Airteagal 7 den dréacht ar tugadh fógra ina leith míthreorach maidir le cineál na ndeochanna do lapadán agus cineál an bhainne do lapadán agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ag teacht salach ar Airteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus nach féidir bonn cirt a bheith leis chun na tomhaltóirí a chosaint. Ní féidir bonn cirt a bheith le hAirteagal 7 chun an tsláinte phoiblí a chosaint ach an oiread, toisc nár chuir údaráis na hÍsiltíre aon bhonn cirt isteach ina leith sin.
- (21) I bhfianaise na mbarúlacha sin, de bhun Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, thug an Coimisiún tuairim dhiúltach uaidh an 27 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an dréacht ar tugadh fógra faoi. Thug an Coimisiún fógra d'údaráis na hÍsiltíre maidir leis an tuairim dhiúltach an 28 Deireadh Fómhair 2020.
- (22) Dá réir sin, ba cheart a iarraidh ar údaráis na hÍsiltíre gan an dréachtordú ar tugadh fógra faoi a ghlacadh.
- (23) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) Uimh. 307/2012 an 11 Aibreán 2012 lena mbunaítear rialacha le haghaidh cur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia (IO L 102, 12.4.2012, lch. 2).

⁽⁷⁾ OJ L 404, 30.12.2006, p. 9.

⁽⁸⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmlé do naíonáin agus bainne foirmlé leantach do naíonáin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faisnéis abhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga (IO L 25, 2.2.2016, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ar bhonn bharúlacha an Choimisiúin ina tuairim dhiúltach agus an Chinnidh seo, ní ghlacfaidh Ríocht na hÍsiltíre Airteagal 7 den dréacht-Fhoraithne maidir le deochanna do lapadán agus bainne do lapadán i gcomhthéacs an Ghnímh um Thráchtarraí, rud a chuir sí in iúl don Choimisiún de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, agus a bhí faoi réir tuairim dhiúltach ón gCoimisiún a cuireadh in iúl d'údarais na hÍsiltíre an 28 Iúil 2020.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na hÍsiltíre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/101 ÓN gCOIMISIÚN
an 24 Eanáir 2022

maidir le dréacht-Fhoraithe ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le deochanna do lapadáin agus bainne do lapadáin a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha faoi ina leith C(2022)313)

(Is ag an téacs san Ollainnis a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 11(2)(b) agus 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna déantar foráil, in éagmais forálacha de chuid an Chomhphobail, maidir le fógra a thabhairt agus measúnú a dhéanamh ar fhorálacha nua náisiúnta a bhaineann *inter alia* le toirmeasc nó srian ar shubstaintí áirithe eile a úsáid i monarú bianna sonraithe.
- (2) I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12 arna léamh i gcomhréir le hAirteagal 11(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, thug údarás na hÍsiltíre fógra don Choimisiún an 28 Iúil 2020 maidir le dréacht-fhoraithe ina bhfuil rialacha maidir le bianna atá bunaithe ar phróitéin ó bhainne bó nó ó bhainne gabhair, ar cuireadh ar a laghad vitimín, mianra, nó substaint amháin eile nó níos mó leis, agus atá ceaptha lena n-úsáid mar dheoch do leanaí óga idir bliain amháin agus 3 bliana d'aois (Foraithe maidir le deochanna do lapadáin agus bainne do lapadáin i gcomhthéacs an Ghnímh um Thráchtearraí).
- (3) Leagtar síos in Airteagal 1 den dréacht-fhoraithe sainmhíniú ar “deoch do lapadáin” agus ar “bainne do lapadáin”.
- (4) Bunaítear le hAirteagal 3 agus 4 den dréacht-fhoraithe ceanglais maidir le comhdhéanamh “deoch do lapadáin” agus “bainne do lapadáin”, lena n-áirítear srianta ar úsáid substaintí áirithe eile de réir bhrí Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006.
- (5) Go háirithe, foráiltear in Airteagal 3 den dréacht-fhoraithe maidir le ceanglais íosta chomhdhéanaimh le haghaidh próitéiní, lipídí agus carbaihiodráití mar a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (6) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 4 den dréacht-fhoraithe go mbeidh feidhm, maidir le substaintí áirithe eile, ag na ceanglais chomhdhéanaimh a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127.
- (7) Measann údarás na hÍsiltíre go bhfuil bonn cirt leis an dréachtbheart ar fhoras sláinte an duine a chosaint. Níos cruinne fós, áitíonn údarás na hÍsiltíre gur cheart “bainne do lapadáin” agus “deochanna do lapadáin” na ceanglais chomhdhéanaimh chéanna a chomhlíonadh le haghaidh “substaintí eile” agus iad sin a leagtar síos sa reachtaíocht chomhchuíbhithe maidir le foirmle leantacha, chun a áirithiú go gcaithfidh leanaí óga méideanna sábháilte de “shubstaintí eile”.

⁽¹⁾ IO L 404, 30.12.2006, lch. 26.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha i ndáil le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach do naíonáin agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faisnéis a bhaineann le beathú naíonán agus leanaí óga (IO L 25, 2.2.2016, lch. 1).

- (8) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (?), lenar ceanglaíodh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar cibé an bhfuil gá le forálacha sonracha le haghaidh deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla atá ceaptha le haghaidh leanaí óga, ghlac an Coimisiún tuarascáil an 31 Márta 2016 (?). Baineadh de thátal as an tuarascáil nach bhfuil aon ghá le forálacha sonracha le haghaidh na catagóire bianna sin mar gur féidir le cur i bhfeidhm ceart agus iomlán chreat ginearálta dhlí bia an Aontais comhdhéanamh deochanna bainnebhunaithe le haghaidh leanaí óga agus cumarsáid maidir le saintréithe na dtáirgí sin a rialú. Bunaíodh na conclúidí sin ar chomhairle eolaíoch an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás” anseo feasta) a eisíodh in 2013 (?) maidir le foirmlí do leanaí óga inar thug sé dá aire nach bhfuil ‘aon ról uathúil’ ag na táirgí sin agus “nach féidir a mheas go bhfuil gá leo chun riachtanais chothaitheacha leanaí óga a shásamh” má chuirtear i gcomparáid iad le bianna eile a d’fhéadfaí a áireamh mar chuid dá ngnáth-aiste bia.
- (9) Dá bhrí sin, ón 20 Iúil 2016, meastar gur gnáthbhianna iad deochanna bainne do leanaí óga agus dá bhrí sin is le rialacha cothrománacha dhlí bia an Aontais Eorpaigh amháin a chumhdaítear iad.
- (10) I gcás ina gcuirfidh Ballstát bac ar thrádáil, ba cheart é sin a bheith gan dochar d’Airteagal 34 agus Airteagal 36 den Chonradh agus ba cheart é a bheith iomchuí agus comhréireach leis an aidhm inchosanta atá le baint amach. Maidir le comhréireacht, níor cheart an beart dul thar a bhfuil riachtanach chun an aidhm inchosanta a chosaint go héifeachtach.
- (11) Ní chuireann údaráis na hÍsiltíre aon fhianaise eolaíoch ar fáil chun tacú lena n-argóint go n-achtófar rialacha breise ar an leibhéal náisiúnta agus ní léiríonn siad go bhfuil aon riosca ann do shláinte an duine a thiocfadh as ‘deochanna do lapadáin’ agus ‘bainne do lapadáin’ gan bheith ag comhlíonadh na gceanglas comhdhéanamh sin agus ní thugann siad bunús leis an riosca sin.. Ina ionad sin, míníonn siad go bhfuil Comhairle Sláinte na hÍsiltíre i mbun taighde faoi láthair ar chaighdeáin chothúcháin agus taighde ar aiste bia leanaí idir breith agus dhá bhliain d’aois, agus ar bhonn na dtorthaí agus na comhairle sin, go bhféadfar oiriúnú na dréacht-fhoraithe a mheas.
- (12) Ina theannta sin, níor chuir údaráis na hÍsiltíre fianaise eolaíoch ar fáil a chaitheadh amhras ar an gcomhairle eolaíoch a chuir an tÚdarás ar fáil in 2013 (?) agus ar ar bhunaigh an Coimisiún a chonclúidí ina thuarascáil a glacadh in 2016. Fuarthas amach i gconclúidí Thuarascáil 2016 ón gCoimisiún maidir le deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla atá ceaptha le haghaidh leanaí óga nach bhfuil aon ghá le forálacha sonracha maidir le ceanglais chomhdhéanamh amháin na ceanglais atá sa dréacht ar tugadh fógra ina leith le haghaidh bia a chaitheann leanaí óga.
- (13) Dá bhrí sin, níor chuir údaráis na hÍsiltíre aon údar eolaíoch ar fáil a thabharfadh bunús leis an ngá ceanglais shonracha chomhdhéanamh a leagan síos maidir le “substaintí eile” le haghaidh na dtáirgí a chuirtear ar an margadh mar “deochanna do lapadáin” agus “bainne do lapadáin”.
- (14) I gcomhréir le forálacha Airteagal 12(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe an 5 Deireadh Fómhair 2020.
- (15) I bhfianaise na mbarúlacha sin, thug an Coimisiún tuairim dhiúltach an 27 Eanáir 2021 maidir leis an dréacht ar tugadh fógra faoi, go háirithe maidir le hAirteagail 3 agus 4 de, de bhun Airteagal 12(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 agus ní mór dó tús a chur leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 12(3) den Rialachán sin.

(?) Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

(4) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le foirmlí do leanaí óga (COM/2016/0169 final)

(5) Painéal EFSA maidir le Táirgí Diatéiteacha, Cothú agus Ailléirgí, 2013, ‘*Scientific Opinion on nutrient requirements and dietary intakes of infants and young children in the European Union*’, [Tuairim Eolaíoch maidir le ceanglais chothaitheach agus iontógálacha cothúcháin naíonán agus leanaí óga san Aontas Eorpach], *Iris EFSA* 2013;11(10):3408.

(6) Ibid.

- (16) Ba cheart, dá réir sin, a iarraidh ar údaráis na hÍsiltíre gan Airteagail 3 agus 4 den dréacht-fhoraithe atá i gceist a ghlacadh ós rud é, ar bhonn na mbarúlacha thuas, nár thug siad na réasúinthe ba ghá chun iad a ghlacadh agus go raibh na hAirteagail sin faoi réir tuairim dhiúltach ón gCoimisiún ón 27 Eanáir 2021.
- (17) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal aonair

Ar bhonn bharúlacha an Choimisiúin ina tuairim dhiúltach agus an Chinnidh seo, ní ghlacfaidh Ríocht na hÍsiltíre Airteagail 3 agus 4 den dréacht-Fhoraithe maidir le deochanna do lapadáin agus bainne do lapadáin i gcomhthéacs an Ghnímh um Thráchtearraí, rud a chuir sí in iúl don Choimisiún de bhun Airteagal 11(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, agus a bhí faoi réir tuairim dhiúltach ón gCoimisiún a cuireadh in iúl d'údaráis na hÍsiltíre an 27 Eanáir 2021.

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na hÍsiltíre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/102 ÓN gCOIMISIÚN
an 25 Eanáir 2022

lena leagtar síos foirmeacha chun údarú taistil a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 38(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1240 bunaíodh an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) le haghaidh náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú na dteorainneacha seachtracha. Leagadh síos ann na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú.
- (2) I gcás go ndéantar iarratas ar údarú taistil a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm tar éis é a phróiseáil de láimh in Aonad Náisiúnta ETIAS, ba cheart fógra a thabhairt don iarratasóir láithreach faoin gcinneadh sin. Chun na críche sin, ba cheart d'Aonaid Náisiúnta ETIAS foirmeacha a úsáid ina bhfuil an t-íosmhéid faisnéise a leagtar amach in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2018/1240. Chomh maith leis sin, ba cheart a chumhdach sna foirmeacha cásanna ina gcinneann na hiarratasóirí iad féin an t-údarú a chúlghairm (dír-chúlghairm).
- (3) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1240 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1240 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar an Danmhairg.
- (4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu ⁽²⁾. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (5) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽³⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽⁴⁾.
- (6) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁵⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽⁶⁾.

⁽¹⁾ IO L 236, 19.9.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

⁽³⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁴⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁽⁵⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽⁶⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

- (7) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁷⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ⁽⁸⁾.
- (8) A mhéid a bhaineann leis an gCipir, an Bhulgáir, an Rómáin agus an Chróit, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.
- (9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an 15 Aibreán 2021 agus thug sé a thuairim uaidh an 25 Bealtaine 2021.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Theorainneacha Cliste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foirmeacha a ghiniúint tar éis cinneadh i leith údarú taistil a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm

1. Foirmeacha chun fógra a thabhairt faoi chinntí i leith údarú taistil nó údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige ('údarú taistil' ina dhiaidh seo) a dhiúltú, a neamhniú nó a chúlghairm, ginfear iad go huathoibríoch trí bhíthin na mbogearraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(m) de Rialachán (AE) 2018/1240.

Beidh na foirmeacha bunaithe ar na teimpléid in Iarscríbhinn I, II nó III.

2. Leis na bogearraí, beidh an deis ann na foirmeacha seo a leanas a ghiniúint:

- foirm lena bhféadfar ceann de theangacha oifigiúla na mBallstát a roghnú; agus
- foirm lena bhféadfar Béarla, Fraincis nó Gearmáinis a roghnú, nó, i gcás a mbaineann leis an iarratasóir i gceist, de rogha an Bhallstáit, lena bhféadfar ceann de theangacha oifigiúla eile an Aontais a roghnú nach ionann agus an teanga a úsáideadh san fhoirm dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

3. Aistreoidh na Ballstáit na réimsí dar teideal "Ráiteas ar na fíorais ábhartha agus réasúnaíocht bhreise is cúis leis an gcinneadh" sna foirmeacha in Iarscríbhinn I, II, III agus íocfar na costais as buiséad ginearálta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 85(2) de Rialachán (AE) 2018/1240.

4. De thairbhe na mbogearraí beidh Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach in ann foirm a roghnú de réir an chineáil cinnidh a ghlactar (diúltú, neamhniú nó cúlghairm).

5. Ansin cuirfidh na bogearraí liosta úr i láthair agus beidh gá ceann amháin ar a laghad de na forais is infheidhme maidir leis an gcinneadh a roghnú, mar a leagtar amach sna forálacha seo a leanas de Rialachán (AE) 2018/1240:

(a) maidir le diúltú, Airteagal 37(1) agus (2);

⁽⁷⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽⁸⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

- (b) maidir le neamhniú, Airteagal 37(1) agus (2), dá dtagraítear in Airteagal 40(1);
- (c) maidir le cúlghairm, Airteagal 37(1), dá dtagraítear in Airteagal 41(1).

Beidh an réimse in Iarscríbhinn I, II, III dar teideal 'Ráiteas ar na fórais ábhartha agus réasúnaíocht bhreise is cúis leis an gcinneadh' éigeantach. Go dtí go mbeidh an roinn sin comhlánaithe sna teangacha a roghnaíodh, cuirfidh Córas Faisnéise ETIAS cosc ar ghiniúint na bhfoirmeacha.

6. I gcás ina mbaineann an cinneadh le húdarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige a dhiúltú, a neamhniú nó a aisghairm, cuirfidh na bogearraí i láthair, sa bhreis ar an liosta i mír 5, an liosta seo a leanas d'fhorais le roghnú:

- (a) forais dhaonnúla nár comhlíonadh/nach gcomhlíontar a thuilleadh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe ag an náisiúnach tríú tír taisteal chuige;
- (b) cúiseanna leasa náisiúnta nár comhlíonadh/nach gcomhlíontar a thuilleadh; nó
- (c) oibleagáidí idirnáisiúnta nár comhlíonadh/nach gcomhlíontar a thuilleadh.

7. I gcás ina mbaineann an cinneadh i leith údarú taistil a dhiúltú, a neamhniú nó a cúlghairm le duine a dhearbhaigh go dtagann sé faoi raon feidhme Airteagal 2(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1240, ní áireofar sa liosta roghanna dá dtagraítear i mír 5 forais nach bhfuil infheidhme de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/1240 agus de bhun Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

8. Nuair a bheidh na roghanna dá dtagraítear i míreanna 2 go 6 comhlánaithe ag Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach, ginfidh na bogearraí na dréachtfoirmeacha ábhartha go huathoibríoch. Beidh an uimhir iarratais chomhfhreagrach sna foirmeacha, agus réamhlíonfar na foirmeacha leis na sonraí dá dtagraítear sna forálacha seo a leanas de Rialachán (AE) 2018/1240:

- (a) a mhéid a bhaineann le diúltú, pointí (a) go (e) in Airteagal 38(2);
- (b) a mhéid a bhaineann le neamhniú nó cúlghairm, pointí (a) go (f) in Airteagal 42.

9. Sula dtarchuirtear an fhoirm chuig an iarratasóir, de thairbhe na mbogearraí beidh Aonaid Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach in ann na roghanna a rinneadh agus an fhaisnéis sna foirmeacha a dheimhniú.

10. Tar éis an deimhnithe de bhun mhír 9, ginfidh na bogearraí na foirmeacha i bhformáid PDF.

11. Cuirfead na foirmeacha a ghintear leis an gcomhad iarratais agus tarchuirfead chuig an iarratasóir iad tríd an tseirbhís ríomhphoist dá dtagraítear i bpointe (f) in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2018/1240.

Airteagal 2

Rochtain agus fíordheimhniú chun críche dír-chúlghairme

1. Tabharfar an rogha d'iarratasóirí údarú taistil a cúlghairm tríd an suíomh gréasáin poiblí agus an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1240.

(* Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlach gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

2. Má roghnaíonn an t-iarratasóir an t-údarú taistil a chúlghairm, cuirfear iarraidh roimhe ar fhíordheimhniú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as fóirú dhá fhachtóir.

3. I dtús cuirfidh an t-iarratasóir isteach na sonraí seo a leanas:

- (a) uimhir an iarratais;
- (b) uimhir an doiciméid taistil;
- (c) an seoladh ríomhphoist a úsáideadh san iarratas ar údarú taistil.

Iarrfar ar an iarratasóir a dheimhniú go bhfuil rochtain aige ar an seoladh ríomhphoist dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), trí tic a chur i mbosca. Mura bhfuil rochtain aige ar an seoladh sin a thuilleadh, iarrfar air seoladh ríomhphoist nua a chur isteach le go bhfaighidh sé cód uathúil agus deimhniú cúlghairme.

4. I gcás ina gcomhfhreagraíonn na sonraí a chuirtear isteach de bhun mhír 3 d'údarú taistil bailí, is é a bheidh i gceist leis an gcéad fhíordheimhniú go gcuirfidh an t-iarratasóir isteach na sonraí seo a leanas:

- (a) an tír inar eisiódh an doiciméad taistil (le roghnú ó liosta);
- (b) dáta eisiúna an doiciméid taistil agus an dáta a rachaidh sé in éag;
- (c) céadainmneacha na beirte tuismitheoirí de réir mar a cuireadh isteach san iarratas ar údarú taistil.

5. Is é a bheidh i gceist leis an dara fíordheimhniú cód uathúil a bheidh le cur isteach sa leathanach gréasáin cúlghairme nó san aip.

Ginfeadh an cód uathúil go huathoibríoch agus seolfar chuig an iarratasóir é tríd an tseirbhís ríomhphoist dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (f) de Rialachán (AE) 2018/1240, nuair a chuirfear isteach na sonraí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4. Is éard a bheidh i seoladh ríomhphoist an fhaighteora an seoladh ríomhphoist a bhfuil rochtain ag an iarratasóir air, mar a dheimhnítear de bhun mhír 3.

6. I gcás ina gcomhfhreagraíonn na sonraí a chuirtear isteach de bhun mhír 3, cé is moite den seoladh ríomhphoist dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin, do na sonraí san fhoirm iarratais, seolfar ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist ar an bhfoirm iarratais ina bhfógraítear iarracht an t-údarú taistil a chúlghairm tríd an suíomh ghréasáin nó tríd an aip.

Leis an ríomhphost sin beidh an t-iarratasóir in ann a chur in iúl, faoi spriocdháta ar leith, nach é a bhí faoi deara na hiarrata ar chúlghairm. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcaoi ar féidir teagmháil a dhéanamh le Láraonad ETIAS más gá. Coinneoidh Láraonad ETIAS taifid de gach ghníomhaíocht leantach.

7. An cód uathúil dá dtagraítear i mír 5, nuair a chuirfidh an t-iarratasóir an cód sin isteach ar an leathanach gréasáin cúlghairme nó ar an aip chun an fíordheimhniú a dheimhniú, taispeánfaidh an suíomh gréasáin nó an aip faisnéis maidir leis an tréimhse choinneála 5 bliana i dtaobh comhaid iarratais a bhaineann le húdaruithe taistil cúlghairthe, rud dá dtagraítear in Airteagal 54(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1240.

8. Beidh ar an iarratasóir a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 7 léite aige agus go n-aontaíonn sé leis, agus beidh air cúlghairm an údaraithe taistil a dheimhniú chun an iarraidh ar chúlghairm a thabhairt chun críche.

9. Rachaidh na cóid uathúla a ghintear de bhun mhír 5 in éag tar éis tréimhse ama réasúnta gearr. Nuair a sheolfar cód nua, déanfar neamhbhailiú ar na cóid a tháinig roimhe dá bharr sin. Ní bheidh na cóid inúsáidte ach aon uair amháin.

10. Nuair a chlárófar iarraidh ar chúlghairm le seoladh ríomhphoist nach bhfuil mar an gcéanna leis an gceann a úsáideadh san fhoirm iarratais, ní sheolfar an iarraidh chríochnaithe chuig an Aonad Náisiúnta ETIAS le haghaidh próiseála roimh an spriocdháta dá dtagraítear sa dara fhomhír i mír 6. I ngach cás eile, seolfar chuig an Aonad Náisiúnta í gan moill mhíchú.

*Airteagal 3***Deimhniú dír-chúlghairme ag Aonad Náisiúnta ETIAS**

1. Tar éis an iarraidh ar chúlghairm a bheith deimhnithe ag an iarratasóir de bhun Airteagal 2(8) agus, i gcás inarb iomchuí, an spriodháta dá dtagraítear in Airteagal 2(6) a bheith thart, seolfaidh Lárchóras ETIAS fógra faoin iarraidh chuig ceann díobh seo a leanas:

- (a) Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach as an údarú taistil a eisiúint; nó
- (b) i gcás gurb é Lárchóras ETIAS a d'eisigh an t-údarú, Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit ina bhfuil an chéad tréimhse fanachta beartaithe.

2. Beidh na nithe seo a leanas san fhógra dá dtagraítear i mír 1:

- (a) léiriú go bhfuil iarraidh ar chúlghairm curtha isteach ag sealbhóir an údaraithe;
- (b) an dáta ar ar deimhníodh an iarraidh;
- (c) an fhaisnéis réamhlíonta dá dtagraítear in Airteagal 43(1), pointe (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2018/1240.

3. Deimhneoidh an tAonad Náisiúnta ETIAS an chúlghairm agus an fhaisnéis bhreise a cuireadh isteach dá dtagraítear i bpointe (c) i mír 2. Cuirfear an fhaisnéis sin leis an gcomhad iarratais ansin.

4. I gcás ina bhfuil an t-iarratasóir i láthair ar chríoch Ballstáit nuair a chlárófar an iarraidh sin, tiocfaidh an chúlghairm i bhfeidhm a luaithe a bheidh an t-iarratasóir imithe as an gcríoch agus ón nóiméad a chruthófar an taifead dul isteach/imeachta comhfhreagrach sa chóras dul isteach/imeachta (EES) i gcomhréir le hAirteagail 16(3) agus 17(2) de Rialachán (AE) 2017/2226 ⁽¹⁰⁾.

I ngach cás eile, tiocfaidh an chúlghairm i bhfeidhm nuair a dheimhneoidh an tAonad Náisiúnta ETIAS í de bhun mhír 3 den Airteagal seo.

*Airteagal 4***Giniúint na foirme dír-chúlghairme**

1. Tar éis don Aonad Náisiúnta ETIAS an chúlghairm a dheimhniú de bhun Airteagal 3(3), ginfear foirm go huathoibríoch le haghaidh dír-chúlghairme ar bhonn Iarscríbhinn IV, trí bhíthin na mbogearraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(m) de Rialachán (AE) 2018/1240.

2. Cuirfear an fhoirm a ghintear leis an gcomhad iarratais agus tarchuirfear chuig an iarratasóir í tríd an tseirbhís ríomhphoist dá dtagraítear i bpointe (f) in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2018/1240. Beidh na nithe seo a leanas sa teachtaireacht ríomhphoist:

- (a) meabhrúchán faoin tréimhse coinneála sonraí 5 bliana is infheidhme maidir le húdaruithe taistil cúlghairthe;
- (b) meabhrúchán, i gcás ina dtugtar an dír-chúlghairm chun críche nuair atá an t-iarratasóir i láthair ar chríoch Ballstáit, go dtiocfaidh sí i bhfeidhm a luaithe a bheidh an t-iarratasóir imithe as an gcríoch agus ón nóiméad a chruthófar an taifead dul isteach/imeachta comhfhreagrach in EES i gcomhréir le hAirteagal 41(8) de Rialachán (AE) 2018/1240.

3. I gcás, de bhun Airteagal 2(3), inar chuir an t-iarratasóir isteach seoladh ríomhphoist nach ionann agus an seoladh a úsáideadh le haghaidh an iarratais, seolfar an fhoirm chuig an seanseoladh ríomhphoist agus chuig an seoladh ríomhphoist nua araon.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

*Airteagal 5***Cumarsáid an tsuímh gréasáin agus na haipse le Lárchóras ETIAS**

1. Chun críocha Airteagal 2:
 - (a) Leis an suíomh gréasáin poiblí nó an aip le haghaidh gléasanna móibíleacha cuirfear Lárchóras ETIAS ar an eolas faoin iarraidh ar dhír-chúlghairm tríd an tseirbhís gréasáin shláin dá dtagraítear i bpointe (l) in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2018/1240; agus
 - (b) fíoróidh Lárchóras ETIAS an gcomhfhreagraíonn na sonraí a cuireadh isteach d'údarú bailí taistil.
2. Tar éis don iarratasóir an díir-chúlghairm a dheimhniú, de bhun Airteagal 2(8):
 - (a) leis an suíomh gréasáin nó an aip, cuirfear Lárchóras ETIAS agus, i gcás inarb iomchuí, an tAonad Náisiúnta ETIAS a d'eisigh an t-údarú taistil, ar an eolas; agus
 - (b) i gcás nach bhfuil an t-iarratasóir i láthair ar chríoch Ballstáit, déanfaidh Lárchóras ETIAS an t-údarú a chúlghairm. Mura bhfuil sin i gceist, próiseálfar an chúlghairm nuair a bheidh an t-iarratasóir ag imeacht as an gcríoch agus an taifead dul isteach/imeachta comhfhreagrach á chruthú.

*Airteagal 6***Formáid teachtaireachta, caighdeán agus prótacail**

Déanfar an fhormáid teachtaireachta agus na prótacail atá le cur chun feidhme a dhoiciméadú sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2018/1240.

*Airteagal 7***Cúinsí slándála sonracha**

1. Beidh an líon iarracht a fhéadfar a dhéanamh údarú taistil a chúlghairm leis an doiciméad taistil céanna, an uimhir iarratais céanna nó an cód uathúil céanna faoi réir a theorannaithe. Sa bhreis air sin, déanfar bearta chun an suíomh gréasáin poiblí a chosaint ar rochtain neamhdhaonna.
2. Mar chuid den phróiseas cúlghairme beidh bearta lena mbeidh an t-am istigh tar éis tréimhse díomhaointis a shaineofar go cuí.
3. Sonraí breise maidir le rúndacht, sláine agus infhaighteacht na sonraí próiseáilte, cumhdófar iad leis na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2018/1240.

*Airteagal 8***Logaí gníomhaíochta**

1. Coinneofar log de ghníomhaíochtaí an iarratasóra. Beidh na nithe seo a leanas ann:
 - (a) sonraí fíordheimhniithe an iarratasóra, mar aon le léiriú maidir le cé acu ar éirigh nó nár éirigh leis an bhfíordheimhniú;
 - (b) na dátaí agus na hamanna a rinne an t-iarratasóir rochtain;
 - (c) deimhniú na díir-chúlghairme.
2. Chomh maith leis sin, coinneofar log de ghníomhaíochtaí an Aonaid Náisiúnta ETIAS a dheimhniú an díir-chúlghairm. Beidh na nithe seo a leanas ann:
 - (a) Aitheantas an Aonaid Náisiúnta ETIAS i gceist;
 - (b) na dátaí agus na hamanna a rinne an tAonad Náisiúnta ETIAS rochtain;
 - (c) deimhniú gur cuireadh isteach na sonraí réamhlíonta dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(c).

3. Na logaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, coinneofar iad i gCóras Faisnéise ETIAS i gcomhréir le hAirteagal 69 de Rialachán (AE) 2018/1240. Ní stórálfar iad ar feadh níos mó ná bliain amháin tar éis na tréimhse coinneála le haghaidh an chomhaid iarratais, mura bhfuil siad ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta faireacháin a bhfuil tús curtha leo cheana féin. Tar éis na tréimhse sin nó tar éis a leithéid de nósanna imeachta a bheith críochnaithe, scriosfar iad go huathoibríoch.

Ní fhéadfar na logaí a úsáid ach chun críocha Airteagal 69(4) de Rialachán (AE) 2018/1240 amháin.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

FOIRM CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI DHIÚLTÚ ÚDARAITHE TAISTIL ETIAS

i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1240

Uimhir an iarratais: _____

A _____, a chara,

[I gcás mionaóisigh, tá an duine ag a bhfuil údarás tuismitheora buan nó sealadach, nó an duine ag a bhfuil caomhnóireacht dhlíthiúil le cur isteach freisin: A _____, a chara,]

Rinne [ainm Aonad Náisiúnta ETIAS] ag [seoladh Aonad Náisiúnta ETIAS] scrúdú ar iarratas [ainm an iarratasóra [roghnach: sonraí pearsanta breise an iarratasóra] ar [údarú taistil]/[údarú taistil ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta].

Rinneadh an t-iarratas a **dhiúltú** ar an bhforas nó ar na forais seo a leanas:

- an doiciméad taistil a úsáideadh, tuairiscíodh in SIS go ndearnadh é a chailleadh nó a ghoideadh nó a mhí-leithghabháil nó a neamhbhailiú in (léirítear an Ballstát) (Airteagal 37(1)(a)) *
- riosca slándála (Airteagal 37(1)(b)) *
- riosca inimirce neamhdhleathaí (Airteagal 37(1)(c)) *
- ardriosca eipidéime (Airteagal 37(1)(d)) *
- foláireamh um dhiúltú cead isteach agus fanachta arna iontráil in SIS (Airteagal 37(1)(e)) * ag (léirítear an Ballstát)
- níor tugadh freagra laistigh de sprioc-am 10 lá ar iarraidh ó ETIAS ar fhaisnéis nó ar dhoiciméadacht bhreise (Airteagal 37(1)(f)) *
- níor freastalaíodh ar agallamh arna iarraidh sin don Aonad Náisiúnta ETIAS (Airteagal 37(1)(g)) *
- amhrais réasúnta agus thromchúiseacha maidir leis na sonraí/na ráitis agus/nó na doiciméid tacaíochta a soláthraíodh le haghaidh an iarratais (Airteagal 37(2)) * (tabhair sonraí):
 - iontaofacht na sonraí a cuireadh isteach
 - iontaofacht na ráiteas a rinneadh
 - barántúlacht na ndoiciméad tacaíochta a cuireadh isteach
 - fírinneacht ábhar na ndoiciméad tacaíochta a cuireadh isteach
- sholáthair an Ballstát nó na Ballstáit seo a leanas tuairim neamhfhabhrach maidir le d'iarratas: [léirítear an Ballstát nó na Ballstáit]
[Maidir le hiarratas ar údarás taistil ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta:
- ní chomhlíontar an foras nó na forais seo a leanas maidir le húdarú taistil ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta:
 - forais dhaonnúla i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe ag an náisiúnach tríú tír taisteal chuige
 - cúiseanna leasa náisiúnta
 - oibleagáidí idirnáisiúnta]

* de Rialachán (AE) 2018/1240

Ráiteas ar na fíorais ábhartha agus réasúnaíocht bhreise is cúis leis an gcinneadh:**Ceart achomhairc**

Tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh a rinne [ainm an Bhallstáit ina bhfuil Aonad Náisiúnta ETIAS atá freagrach].

[Nasc chuig faisnéis ar an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le taisceadh achomharc in aghaidh an chinnidh arna ghlacadh ag an Aonad Náisiúnta ETIAS atá freagrach, rud dá dtagraítear in Airteagal 16(7) de Rialachán (AE) 2018/1240.]

[I gcás inarb infheidhme: Tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh na tuairime neamhfhábhraí maidir le d'iarratas a rinne [ainm an Bhallstáit ina bhfuil Aonad Náisiúnta ETIAS nó Aonaid Náisiúnta ETIAS a d'eisigh tuairim neamhfhábhrach].]

[I gcás inarb infheidhme: Nasc chuig faisnéis ar an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le taisceadh achomharc in aghaidh an chinnidh arna ghlacadh ag an Aonad Náisiúnta ETIAS a d'eisigh tuairim neamhfhábhrach].

Do chearta i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta

Tá sé de cheart agat próiseáil na sonraí pearsanta in ETIAS a rochtain, a cheartú, a léirscriosadh agus a shrianadh i gcomhréir le hAirteagail 17 go 20 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagail 15 go 18 de Rialachán (AE) 2016/679.

I gcás inar mian leat na cearta sin a fheidhmiú, gheobhaidh tú na sonraí teagmhála ábhartha thíos:

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	Údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit atá freagrach as d'iarratas
An tOifigeach um Chosaint Sonraí [seoladh ríomhphoist]	[sonraí teagmhála]	[Faisnéis a bhaineann go sonrach leis an mBallstát]

[An dáta agus an áit a ndearnadh an cinneadh]

[Ainm agus síniú an duine a rinne an cinneadh]

IARSCRÍBHINN II

FOIRM CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI NEAMHNIÚ ÚDARAITHE TAISTIL ETIAS

i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1240

Uimhir an iarratais: _____

A _____, a chara,

[I gcás mionaóisigh, tá an duine ag a bhfuil údarás tuismitheora buan nó sealadach, nó an duine ag a bhfuil caomhnóireacht dhlíthiúil le cur isteach freisin: A _____, a chara,]

Rinne [ainm Aonad Náisiúnta ETIAS] ag [seoladh Aonad Náisiúnta ETIAS] athscrúdú ar na coinníollacha faoinar eisíodh údarú taistil [ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta] do [ainm an iarratasóra [roghnach: sonraí pearsanta breise an iarratasóra]] i gcomhréir le hAirteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1240.

Rinneadh an t-údarú taistil a **neamhniú** ar an bhforas nó ar na forais seo a leanas:

- an doiciméad taistil a úsáideadh, tuairiscíodh in SIS go ndearnadh é a chailleadh nó a ghoideadh nó a mhí-leithghabháil nó a neamhbhailiú in (léirítear an Ballstát) (Airteagal 37(1)(a)) *
 - riosca slándála (Airteagal 37(1)(b)) *
 - riosca inimirce neamhdhleathaí (Airteagal 37(1)(c)) *
 - ardriosca eipidéime (Airteagal 37(1)(d)) *
 - foláireamh um dhiúltú cead isteach agus fanachta arna iontráil in SIS (Airteagal 37(1)(e)) *
 - amhrais réasúnta agus thromchúiseacha maidir leis na sonraí/na ráitis agus/nó na doiciméid tacaíochta a soláthraíodh le haghaidh an iarratais (Airteagal 37(2)) *
 - iontaofacht na sonraí a cuireadh isteach
 - iontaofacht na ráiteas a rinneadh
 - barántúlacht na ndoiciméad tacaíochta a cuireadh isteach
 - fírinneacht ábhar na ndoiciméad tacaíochta a cuireadh isteach
- [Maidir le hiarratas ar údarás taistil ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta:
- ní chomhlíontar an foras nó na forais seo a leanas a thuilleadh maidir le húdarú taistil ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta:
 - forais dhaonnúla i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe ag an náisiúnach tríú tír taisteal chuige
 - cúiseanna leasa náisiúnta
 - oibleagáidí idirnáisiúnta]

(*) de Rialachán (AE) 2018/1240

Ráiteas ar na fíorais ábhartha agus réasúnaíocht bhreise is cúis leis an gcinneadh:

--

Faisnéis bhreise

Tabhair do d'aire go bhfuil údarú taistil bailí ETIAS ag teastáil le haghaidh tréimhse iomlán aon ghearrfhanachta i Limistéar Schengen.

Ceart achomhairc

Tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh a rinne [Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach].

[nasc chuig faisnéis ar an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le taisceadh achomharc in aghaidh an chinnidh arna ghlacadh ag an Aonad Náisiúnta ETIAS, rud dá dtagraítear in Airteagal 16(7) de Rialachán (AE) 2018/1240]

Do chearta i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta

Mar eolas, tá sé de cheart agat próiseáil na sonraí pearsanta in ETIAS a rochtain, a cheartú, a léirsciosadh agus a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 17 go 20 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 15 go 18 de Rialachán (AE) 2016/679.

I gcás inar mian leat na cearta sin a fheidhmiú, gheobhaidh tú na sonraí teagmhála ábhartha thíos:

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	Údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit atá freagrach as d'iarratas
An tOifigeach um Chosaint Sonraí [seoladh ríomhphoist]	[sonraí teagmhála]	[Faisnéis a bhaineann go sonrach leis an mBallstát]

[An dáta agus an áit a ndearnadh an cinneadh]

[Ainm agus síniú an duine a rinne an cinneadh]

IARSCRÍBHINN III

FOIRM A CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI CHÚLGHAIRM ÚDARAITHE TAISTIL ETIAS

i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1240

Uimhir an iarratais: _____

A _____, a chara,

[I gcás mionaoisigh, tá an duine ag a bhfuil údarás tuismitheora buan nó sealadach, nó an duine ag a bhfuil caomhnóireacht dhlíthiúil le cur isteach freisin: A _____, a chara,]

Rinne [ainm Aonad Náisiúnta ETIAS] ag [seoladh Aonad Náisiúnta ETIAS] athscrúdú ar na coinníollacha faoinar eisíodh údarú taistil [ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta] do [ainm an iarratasóra [roghnach: sonraí pearsanta breise an iarratasóra]], i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) 2018/1240.

Rinneadh an t-údarás taistil a **chúlghairm** ar an bhforas nó ar na forais seo a leanas:

- an doiciméad taistil a úsáideadh, tuairiscíodh in SIS go ndearnadh é a chailleadh nó a ghoideadh nó a mhí-leithghabháil nó a neamhbhailiú in (léirítear an Ballstát) (Airteagal 37(1)(a)) *
- riosca slándála (Airteagal 37(1)(b)) *
- riosca inimirce neamhdhleathaí (Airteagal 37(1)(c)) *
- ardriosca eipidéime (Airteagal 37(1)(d)) *
- foláireamh um dhiúltú cead isteach agus fanachta arna iontráil in SIS (Airteagal 37(1)(e)) *
[Maidir le hiarratas ar údarás taistil ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta:
- ní chomhlíontar an foras nó na forais seo a leanas a thuilleadh maidir le húdarú taistil ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta:
 - forais dhaonnúla i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil sé beartaithe ag an náisiúnach tríú tír taisteal chuige
 - cúiseanna leasa náisiúnta
 - oibleagáidí idirnáisiúnta]

* de Rialachán (AE) 2018/1240

Ráiteas ar na fíoras ábhartha agus réasúnaíocht bhreise is cúis leis an gcinneadh:

Faisnéis bhreise

Tabhair do d'aire go bhfuil údarú taistil bailí ETIAS ag teastáil le haghaidh tréimhse iomlán aon ghearrfhanachta i Limistéar Schengen.

Ceart achomhairc

Tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh a rinne [Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach].

[nasc chuig faisnéis ar an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le taisceadh achomharc in aghaidh an chinnidh arna ghlacadh ag an Aonad Náisiúnta ETIAS, rud dá dtagraítear in Airteagal 16(7) de Rialachán (AE) 2018/1240]

Do chearta i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta

Mar eolas, tá sé de cheart agat próiseáil na sonraí pearsanta in ETIAS a rochtain, a cheartú, a léirsciosadh agus a shrianadh i gcomhréir le hAirteagail 17 go 20 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagail 15 go 18 de Rialachán (AE) 2016/679.

I gcás inar mian leat na cearta sin a fheidhmiú, gheobhaidh tú na sonraí teagmhála ábhartha thíos:

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	Údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit atá freagrach as d'iarratas
An tOifigeach um Chosaint Sonraí [seoladh ríomhphoist]	[sonraí teagmhála]	[Faisnéis a bhaineann go sonrach leis an mBallstát]

[An dáta agus an áit a ndearnadh an cinneadh]

[Ainm agus síniú an duine a rinne an cinneadh]

IARSCRÍBHINN IV

FOIRM B CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI CHÚLGHAIRM ÚDARAITHE TAISTIL ETIAS (dírchúlghairm)
i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1240

Uimhir an iarratais: _____

A _____, a chara,

[I gcás mionaoisigh, tá an duine ag a bhfuil údarás tuismitheora buan nó sealadach, nó an duine ag a bhfuil caomhnóireacht dhlíthiúil le cur isteach freisin: A _____, a chara,]

Fuair [ainm Aonad Náisiúnta ETIAS] ag [seoladh Aonad Náisiúnta ETIAS] iarraidh ó [ainm an iarratasóra [roghnach: sonraí pearsanta breise an iarratasóra]] ar údarú taistil [ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta] a chúlghairm.

Rinneadh an t-údarás taistil a **chúlghairm**, i gcomhréir le hAirteagal 41(8) de Rialachán (AE) 2018/1240.

Faisnéis bhreise

Tabhair do d'aire go bhfuil údarú taistil bailí ETIAS ag teastáil le haghaidh tréimhse iomlán aon ghearrfhanachta i Limistéar Schengen.

I gcomhréir le hAirteagal 41(8) de Rialachán (AE) 2018/1240:

- Más rud é go ndearna tú údarás taistil a chúlghairm le linn d'fhanachta i Limistéar Schengen, ní thiocfaidh an chúlghairm i bhfeidhm go dtí go n-imeoidh tú as Limistéar Schengen;
- ní féidir aon achomharc a dhéanamh in aghaidh cúlghairm a rinneadh ar iarraidh an iarratasóra.

Do chearta i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta

Mar eolas, tá sé de cheart agat próiseáil na sonraí pearsanta in ETIAS a rochtain, a cheartú, a léirsciosadh agus a shrianadh i gcomhréir le hAirteagail 17 go 20 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagail 15 go 18 de Rialachán (AE) 2016/679.

I gcás inar mian leat na cearta sin a fheidhmiú, gheobhaidh tú na sonraí teagmhála ábhartha thíos:

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta	An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí	Údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit atá freagrach as d'iarratas
An tOifigeach um Chosaint Sonraí [seoladh ríomhphoist]	[sonraí teagmhála]	[Faisnéis a bhaineann go sonrach leis an mBallstát]

[An dáta agus an áit a ndearnadh an cinneadh]

[Ainm agus síniú an duine a rinne an cinneadh]

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)